# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 300 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Treoracha d'iarrthóirí:**

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5 6 *agus*
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Baghcat bus Montgomery, 1956***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén aidhm a bhí ag Comhairle na Saoránach Geal?

   (b) I ndoiciméad A, cén chúis a bhí le cur ina leith siúd a bhailigh le chéile do charr-roinnt nó do sheirbhís tacsaí?

   (c) De réir dhoiciméad B, cad iad na coireanna a rinneadh in Montgomery?

   (d) De réir dhoiciméad B, cén bhagairt leanúnach a bhí á déanamh orthu siúd a bhí páirteach sa bhaghcat bus?

(20)

2. (a) An dtaispeánann an dá dhoiciméad gur úsáid siad siúd a bhí i gcoinne an bhaghcait foréigean ina gcoinne siúd a bhí ar a shon? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad is mó a thugann eolas dúinn faoi ról phóilíní Montgomery le linn an bhaghcait bus? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) I ndoiciméad A, cén fáth ar foinse luachmhar staire í litir Clifford J. Durr? Bíodh tagairt mhionsonraithe agat don doiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé chomh héifeachtach agus atá doiciméad B maidir le cás a dhéanamh go raibh a gcearta sibhialta á séanadh ar lucht tacaíochta an bhaghcait agus go raibh siad á bhfágáil gan chosaint ón dlí? Bíodh tagairt mhionsonraithe don doiciméad agat i do fhreagra.

(20)

4. Cé chomh mór agus a tháinig athrú de thoradh ar bhaghcat bus Montgomery?

(40)

**- Doiciméad A -**

**Seo sliocht coimrithe as litir (dar dáta 2 Feabhra 1956) a scríobh Clifford J. Durr, dlíodóir in Montgomery agus ar dhuine geal é a bhí ag tacú le baghcat bus Montgomery.**

Tá baghcat na mbusanna ar siúl le dhá mhí agus is cosúil go bhfuil sé chomh héifeachtach céanna i gcónaí. Níor chreid mórán daoine go seasfadh na daoine gorma le chéile faoi mar a rinne siad.

Chuaigh gach duine den triúr Coimisinéirí Cathrach atá freagrach as forfheidhmiú an dlí le Comhairle na Saoránach Geal, a bhfuil sé mar chuspóir aici cur i gcoinne dídheighilte, agus an caidreamh idir ciníocha a choinneáil mar atá. D'fhógair siad gur tugadh treoir do na póilíní deireadh a chur le carr-roinnt ag daoine gorma trí na rialacháin tráchta go léir, ba chuma cé chomh fánach, a fhorfheidhmiú go docht ina gcoinne. Agus cinneadh go ndéanfaí na daoine gorma go léir a bhí bailithe i gcomhair carr-roinnt nó seirbhís tacsaí a chúiseamh as bheith ag "síománaíocht".

Ghlac siad siúd go léir a bhí i gcoinne an bhaghcait leis sin mar chomhartha chun dul i mbun drochghníomhartha, agus mar sin cuireadh buamáil leis na bagairtí. Oíche Dé Luain caitheadh buama le teach an Urramaigh King agus, aréir, buamáladh teach E.D. Nixon. Dhóigh an Ku Klux Klan roinnt cros chun cur leis an taispeántas. Cáineann an Coimisiún agus Comhairle na Saoránach Geal gníomhartha den sórt sin, ar ndóigh, agus thairg siad luach saothair as iad siúd a bhí ciontach a ghabháil agus a chiontú, ach leanann siad de bheith á ngríosú lena ráitis phoiblí.

Foinse: Stewart Burns (eag.), *Daybreak of Freedom: The Montgomery Bus Boycott* (Chapel Hill agus Londain, 1997).

**- Doiciméad B -**

**Seo sliocht coimrithe as litir (dar dáta 27 Lúnasa 1956) ó Martin Luther King agus ó cheannairí eile ar bhaghcat bus Montgomery chuig an Uachtarán Eisenhower.**

Anseo in Montgomery, bhí sé de chlaonadh ag na bagairtí agus ag an bhforéigean atá ag leanúint ar aghaidh go fóill – lena n-áirítear buamáil tithe, samhlacha de dhuine gorm agus de dhuine geal a thacaigh le himeascadh a chrochadh, agus údarú á dhéanamh ag oifigigh chathrach agus stáit líon mór daoine gorma a ghabháil – a gcearta sibhialta a cheilt ar dhaoine gorma agus iad a fhágáil gan cosaint an dlí.

Tá oifigigh phoiblí ina mbaill de Chomhairle na Saoránach Geal, a bhfuil sé mar chuspóir aici an idirdheighilt a choinneáil. Níl aon rud á dhéanamh ag na hoifigigh seo chun an foréigean a chosc. Go deimhin, de réir na meán áitiúil, bhí póilíní cathrach Montgomery ar cheann an tslua sa mhórshiúl chuig an gcearnóg phoiblí áit ar chroch roinnt fear na samhlacha, agus ba bhaill de Chomhairle na Saoránach Geal cuid acu sin. Níor gabhadh duine ar bith, cé go bhfuil dlí ann a thoirmeascann comharthaí d'aon sórt a chur suas sa cheantar sin.

Nuair a buamáladh teach ministir, chuir an méara an milleán faoin eachtra ar bheart bolscaireachta a rinne daoine gorma chun tacaíocht a fháil don bhaghcat bus. Bagairt leanúnach is ea athbheochan an Ku Klux Klan agus tugtar cead do bhaill a bhfuil róbaí orthu léirsiú in Montgomery gan aon chur isteach ó na póilíní. Idir an dá linn, tá na céadta daoine gorma á ngabháil gach lá ar chúiseanna bréige agus fíneálacha á ngearradh orthu.

Foinse: https://kinginstitute.stanford.edu/king-papers/documents/dwight-d-eisenhower-6

# ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhain Ó Conaill Fuascailt amach ach ar theip air Reipéil a bhaint amach? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí freagairtí an rialtais agus freagairtí príobháideacha don Ghorta in Éirinn, 1845-1849? (100)
3. Cad a chuir Éire Óg agus/nó Fíníneachas le gnóthaí na hÉireann? (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le saol na hÉireann: an Mháthairab Mary Aikenhead; William Carleton; William Dargan? (100)

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1870-1914, cén tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a bhí ag an gcorraíl faoi chúrsaí talún agus leasú chóras na talún agus/nó gluaiseacht na gcomharchumann? (100)
2. An aontófá gur theip ar Parnell mar cheannaire polaitiúil? Áitigh do chás. (100)
3. Cén fáth ar chuir Aontachtaithe i gcoinne féinrialú d'Éirinn agus conas a tháinig Ceist Uladh chun cinn le linn na tréimhse 1870-1914? (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le saol na hÉireann: Isabella Tod; James Larkin; Dubhghlas de hÍde? (100)

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh idirbheartaíocht agus téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh, 1921, conspóideach? (100)
2. Cad iad na príomhimeachtaí a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932, agus conas a chuir an Chomhdháil le féiniúlacht na hÉireann? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn, Thuaidh agus Theas? (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le saol na nÉireann: Pádraic Mac Piarais; Evie Hone; James J. McElligott? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a bhí roimh imircigh chuig na Stáit Aontaithe le linn na tréimhse 1840-1920 agus/nó 1920-1966? (100)
2. Le linn na tréimhse 1920-1966, cad a mheall imircigh Éireannacha chuig an mBreatain agus cé chomh mór agus a comhshamhlaíodh iad? (100)
3. Conas a d'fhorbair an fhéiniúlacht Ghael-Mheiriceánach agus/nó an fhéiniúlacht Albanach-Ultach? (100)
4. Le linn na tréimhse 1920-1966, cé chomh maith agus a d'éirigh le misinéirí Éireannacha thar lear? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíocha a tharla sa tréimhse 1949-1969? (100)
2. An aontófá gur theip ar Terence O'Neill mar cheannaire polaitiúil? Áitigh do chás. (100)
3. Cad a bhí i gceist le Comhaontú Sunningdale and cén fáth a chlis ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974? (100)
4. Uaireanta bíonn sochaithe atá deighilte bisiúil ó thaobh an chultúir de. Cé chomh fíor agus atá sé sin faoi Thuaisceart Éireann, 1949-1993? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Ón staidéar a rinne tú ar Phoblacht na hÉireann, 1949-1989, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann díobh seo a leanas: dearcthaí i leith na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh a bheith ag athrú; éifeacht na Dara Comhairle Vatacánaí; tionchar na teilifíse? (100)
2. Cad iad na fadhbanna a bhí ag Seán Lemass agus/nó Jack Lynch mar Thaoiseach? (100)
3. Cé acu ba mhó a chuaigh i gcion ar Phoblacht na hÉireann, ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe nó ballraíocht i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa? Áitigh do chás, agus tagairt agat don dá cheann. (100)
4. Cad a chuir Sylvia Meehan agus/nó Garret FitzGerald le saol na hÉireann? (100)

# ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1871, conas a bhog an Iodáil agus/nó an Ghearmáin i dtreo na haontachta? (100)
2. Conas a chuaigh athruithe sa talmhaíocht agus/nó sa tionsclaíocht i gcion ar an Eoraip, 1815-1871? (100)
3. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na forbairtí a tharla i bpleanáil chathrach, ag tagairt go háirithe do Pháras Haussmann? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le Karl Marx agus/nó Charles Darwin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1871-1914, cén tábhacht a bhain le tionsclú na Gearmáine agus a thionchar sin ar an tsochaí agus/nó le hairgeadh agus le luathstair an ghluaisteáin? (100)
2. Cad iad na tosca a chuir le briseadh amach an chogaidh san Eoraip in 1914? (100)
3. Cén éifeacht a bhí ag cogaíocht agus réabhlóid ar an Rúis, 1900-1920? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi ról na mban sa tsochaí, 1871-1920, ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Marie Curie; mná sa lucht saothair le linn an Chéad Chogadh Domhanda; Rosa Luxemburg? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthréithe a bhain le faisisteachas na hIodáile faoi Mussolini? (100)
2. Cé chomh mór agus a chuir polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939, le briseadh amach an Dara Cogadh Domhanda? (100)
3. An aontófá gur athraigh Stailín an tAontas Sóivéadach ó bhonn, 1924-1945? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar an mBreatain Mhór, 1920-1945, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann acu seo: J.M. Keynes; rath nó teip Mháirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936; an saol ar an bhFronta Baile le linn an Dara Cogadh Domhanda? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir Imshuí Bheirlín (1948-1949) agus/nó Éirí Amach na hUngáire (1956) leis an teannas idirnáisiúnta? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag gluaiseachtaí i dtreo aontachta, 1945-1973, agus/nó Géarchéim na hOla 1973 ar an Eoraip? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Mikhail Gorbachev i ngnóthaí intíre agus idirnáisiúnta? (100)
4. Cén éifeacht a bhí ag beirt díobh seo a leanas: John Lennon; Margaret Thatcher; an Pápa Eoin Pól II? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain, don Bhreatain agus don India, le haistarraingt na Breataine as an India? (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1990, cén ról a bhí ag an Eoraip sa choimhlint idir na hArabaigh agus Iosrael? (100)
3. Le linn na tréimhse 1945-1990, conas a chothaigh caidreamh idir ciníocha fadhbanna sa Bhreatain agus/nó sa Fhrainc? (100)
4. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Ho Chi Minh agus/nó Achmad Sukarno maidir lena chuid aidhmeanna a bhaint amach? (100)

# Leathanach Bán